C/2025/1138

14.2.2025

achoimre ar an gcinneadh ón gCoimisiún

an 28 Meitheamh 2021

de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle

i gCás AT.39914 – Díorthaigh Ráta Úis in Euro

(Dá dtugtar fógra faoi dhoiciméad uimhir C(2021) 4600)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2025/1138)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

An 28 Meitheamh 2021 ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ([1]). I gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle, tá an Coimisiún ag foilsiú, leis seo, ainmneacha na bpáirtithe agus phríomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a fhorchuirtear, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint. Tá leagan neamhrúnda den chinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (*http://ec.europa.eu/competition/antitrust/cases/*)

RÉAMHRÁ

(1) Leis an gCinneadh, déantar fíneáil a ath-ghearradh ar HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc agus HSBC France (dá ngairtear 'HSBC' go comhpháirteach anseo feasta) as Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE a shárú.

NÓS IMEACHTA

(2) An 4 Nollaig 2013, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2013) 8512 ón gCoimisiún ('Cinneadh Socraíochta 2013'). Le Cinneadh Socraíochta 2013, gearradh fíneálacha ar eintitis dhlítheanacha éagsúla de chuid ceithre ghnóthas — Barclays, Deutsche Bank, RBS agus Société Générale — as a rannpháirtíocht i gcairtéal maidir le Díorthaigh Úis in Euro

(3) An 7 Nollaig 2016, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2016) 8530 ón gCoimisiún ('Cinneadh 2016'). Le Cinneadh 2016 gearradh fíneálacha ar eintitis dhlítheanacha éagsúla de chuid trí ghnóthas eile — Crédit Agricole, HSBC agus JPMorgan Chase — as a rannpháirtíocht sa chairtéal céanna. Gearradh fíneáil EUR 33 606 000 ar HSBC as a rannpháirtíocht sa chairtéal idir an 12 Feabhra 2007 agus an 27 Márta 2007.

(4) An 24 Meán Fómhair 2019, d'eisigh an Chúirt Ghinearálta breithiúnas maidir le hiarratas HSBC Cinneadh 2016 (an 'Breithiúnas') a neamhniú ([2]). Sa Bhreithiúnas, sheas an Chúirt Ghinearálta le torthaí an Choimisiúin maidir le substaint, cé is moite de dhá theagmháil nár léirigh an Coimisiún an ghné fhrithiomaíoch ina leith. Formhuiníodh leis an mBreithiúnas an mhodheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún chun fíneálacha a ríomh. Cuireadh athróg ionadach i bhfeidhm maidir leis an modheolaíocht sin le haghaidh luach na ndíolachán bunaithe ar fháltais airgid lascainithe. Mheas an Breithiúnas, áfach, nár thug an Coimisiún mínithe leordhóthanacha ar na cúiseanna ar lascainíodh na fáltais airgid 98,849 %. Ar an mbonn sin, rinneadh an fhíneáil a gearradh ar HSBC a neamhniú.

(5) An 8 Bealtaine 2020, chuir an Coimisiún HSBC ar an eolas faoin rún a bhí aige Cinneadh 2016 a leasú agus na fíneálacha a athghlacadh. Soláthraíodh mínithe breise do HSBC ar na paraiméadair a úsáideadh chun an fachtóir laghdaithe maidir leis na fáltais airgid a lascainiú 98,849 % a shocrú. Leag HSBC amach a bharúlacha maidir leis na mínithe sin i scríbhinn an 14 Iúil 2020 agus an 14 Bealtaine 2021.

(6) An 23 Meitheamh 2021, chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

([2]) Cás T-105/17, *HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc, HSBC France v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2019:675.

MEASÚNÚ DLÍTHIÚIL

(7) Is chuig HSBC amháin a dhírítear an dréachtchinneadh seo agus níl aon agóid nua ann. Ní bhaineann sé ar bhealach ar bith le seolaithe eile Chinneadh 2016.

(8) Suitear sa dréachtchinneadh gur ghlac HSBC páirt i sárú ar Airteagal 101 den Chonradh agus ar Airteagal 53 de Chomhaontú LEE mar a leagtar amach i gCinneadh 2016.

LEIGHEASANNA

(9) Leagtar amach i gCinneadh 2016 an mhodheolaíocht a úsáidtear chun fíneáil HSBC a ríomh.

(10) Mínítear sa dréachtchinneadh, áfach, le tuilleadh mionsonraí cén fáth a rinneadh na fáltais airgid a lascainiú le fachtóir laghdaithe 98,849 %, bunaithe ar cheithre ghné:

(i) an ghlanluacháil i dtrádáil díorthach i gcoitinne;

(ii) an ghlanluacháil is gné dhílis de thionscal EIRD go háirithe;

(iii) scála coibhneasta na n-athruithe praghais in earnáil EIRD; agus

(iv) an fachtóir laghdaithe a cuireadh i bhfeidhm i gCinneadh Socraíochta 2013.

(11) Leis an dréachtchinneadh, méadaítear freisin an laghdú 10 % a deonaíodh do HSBC i gCinneadh 2016 maidir lena ról forimeallach/beag go 15 %. Leis an méadú sin, cuirtear san áireamh torthaí an Bhreithiúnais nach raibh cruthúnas leordhóthanach ann maidir le cineál frithiomaíoch dhá theagmhálaí, agus glactar leis go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar dhéine rannpháirtíochta HSBC agus ar an eolas a bhí aige faoin sárú aonair leanúnach araon. Dá bhrí sin, tá an fhíneáil socraithe ag EUR 31 739 000.